# Ailgéabar: Sloinn agus cothromóidí – Moltaí don teagasc

## MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Bealaí a thaispeáint ina n-úsáidtear léirithe agus cothromóidí sa saol laethúil, m.sh., *i mbuiséadú, i gcainníochtaí athraitheacha don bhácáil agus don chócaireacht, chun athruithe airgeadra a ríomh, srl.*
- Béim a leagan ar an tairbhe a bhaineann le sloinn agus cothromóidí a úsáid chun feidhmeanna agus coibhneasa a chur in iúl, m.sh., *chun luachanna sa todhchaí nó luachanna leathana a thuar* agus samplaí a thaispeáint den chaoi a gcuirtear é seo i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla, m.sh., *sceideal nó amchlár*.
- Fadhbanna a roghnú bunaithe ar chásanna fíorshaoil agus ar ábhair spéise na bpáistí, m.sh., *seomra ranga a dhearadh do líon éagsúil páistí, turas chuig cluiche peile a eagrú don rang/scoil iomlán, srl., milseáin a cheannach do chóisir ranga do líon X páistí.*

## SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- A bheith ag tacú le páistí puzail a bhaineann le siombailí a réiteach agus a chruthú agus a dtábhacht a phlé i ngach comhthéacs, m.sh., *sudoku le híomhánna, cothromóidí emoji.*
- Páistí a spreagadh chun cluichí a dhearadh a éilíonn ar rannpháirtithe fadhbanna a réiteach ag baint úsáid as sloinn agus cothromóidí, m.sh., *Countdown, cluichí cláir, cluichí meaitseála.*
- Tabhair dúshlán do pháistí meánna/scálaí agus ábhair choincréiteacha a úsáid chun cothromóidí a chruthú do chomhghleacaithe lena bhfiosrú agus lena réiteach, m.sh., *más amhlaidh 6 ciúb = 2 rialóir, agus 20 ciúb = 4 rubar, ansin cé mhéad ciúbanna a bheidh ag teastáil chun 3 rialóir agus 6 rubar a chothromú?*
- A bheith ag tacú le páistí 'fíre' na gcothromóidí a fhiosrú trí chluichí amhail 'Dhá Fhírinne agus Bréag Amháin', m.sh., *aimsigh an dá fhíorchothromóid agus an chothromóid bhréagach:* $13 + 8 = 3 \times 7$; $14 \times 5 = 140 \div 2$; $128 \div 8 = 4 \times 6$.

## TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Tascanna oscailte a roghnú a thugann dúshlán cuí do gach páiste, m.sh., *tá €28.50 i mo sparán agam. Cad iad na nótaí agus na boinn a d'fhéadfadh a bheith agam i mo sparán?; fiosraigh an líon múinteoirí agus páistí a d'fhéadfadh a bheith sa scoil más ionann líon na bpáistí agus 9 n-oiread líon na foirne.*
- Lig do pháistí roghanna a dhéanamh maidir leis na hacmhainní a úsáideann siad, agus a bheith ag tacú leo dúshlán cuí a thabhairt dóibh féin, m.sh., *i gcluichí dísle, tabhair an rogha dísle 10-thaobhach a úsáid in ionad dísle 6-thaobhach.*
- Páistí a spreagadh chun táblaí/eangacha a úsáid mar chur chuige córasach chun oibriú le feidhmeanna agus patrúin le huimhir iontu.

## BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Páistí a spreagadh chun naisc a léiriú agus a dhéanamh idir samhlacha réitigh éagsúla, m.sh., *trí líníochtaí, le huimhirlíne fholamh, le tábla nó graf, le láimhseoga nithiúla nó trí láimhseoga fíorúla.*
- Sula múintear algartaim thraidisiúnta (bealaí caighdeánacha chun oibríochtaí a dhéanamh), spreag páistí chun a dtuiscint a léiriú ar bhealaí a mbaineann siad ciall astu, m.sh., *taispeáin, ar 2 bhealach éagsúla ar a laghad, conas a roinnfeá 546 milseán idir 26 páiste.*
- Taispeáin grianghraf nó físeán agus spreag smaointe ar fhadhbanna matamaitice féideartha a d'fhéadfadh páistí a chruthú nó a fhiosrú, m.sh., *íomhá de bhabhla torthaí a thaispeáint agus sloinn a chruthú a bhaineann le líon na mbananaí le líon gach toraidh eile, cothromóidí a scríobh le siombailí rúnda chun gach toradh a léiriú agus dúshlán a thabhairt do do chairde iad a oibriú amach.*

## MATA-CHAINT A CHUR CHUN CINN

- Deiseanna a thabhairt do pháistí a gcuid smaointeoireachta faoina modhanna agus réitigh ar fhadhbanna a mhíniú don mhúinteoir/ghrúpa/rang iomlán.
- Páistí a spreagadh chun ráitis ghinearálta a rinne páistí eile a cheistiú agus dúshláin a chur ina leith agus leideanna a thabhairt chun tacú leis sin, m.sh., *conas a d'eagraigh tú do chuid eolais? An bhféadfá é a léiriú i dtábla/graf/ag úsáid sloinn? Ar thug tú faoi deara aon naisc idir an fhadhb seo agus an fhadhb roimhe seo? Cén chaoi ar sheiceáil tú do réiteach?*
- Trí cheistiú agus plé, bí ag tacú le páistí dúshlán a thabhairt do mhíthuiscintí, m.sh., *deir Lily nuair a chuireann sí uimhir isteach agus a iolraíonn sí faoi uimhir eile í, go mbíonn an toradh níos mó ná an t-ionchur i gcónaí – an mbaineann an riail seo le gach uimhir? An bhfuil aon eisceacht ann?*

Arna fhorbairt i gcomhar le **Lisa Walsh, Múinteoir Bunscoile, Co. Shligigh**